# 3. Tástálacha Réasúnaíochta Briathartha, Uimhriúla agus Teibí i Scrúduithe Riarthóra EPSO

## Intreoir

Ó bunaíodh é, tá EPSO tar éis tástálacha réasúnaíochta briathartha agus réasúnaíochta uimhriúla a úsáid i gcéim réamhroghnaithe nó iontrála na gcomórtas oscailte (cé go mbíonn siad ag teastáil sa chéim mheasúnaithe i gcás roinnt próifílí speisialtóra). Cé nach dteastaíonn eolas sainiúil i dtástálacha dá leithéid, bíonn scáth ar iarrthóirí go leor rompu – agus ar chúis mhaith. Ó 2010 i leith, áiríodh "an tástáil réasúnaíochta teibí", mar a thugtar uirthi, mar chuid de chéim réamhroghnaithe na gcomórtas.

Maidir le tástálacha réasúnaíochta teibí, briathartha agus uimhriúla (ar a dtugtar "tástálacha síciméadracha" go coitianta), tagann roinnt ceisteanna chun cinn, mar atá:

- Céard é go díreach atá sna tástálacha seo?
- Céard a thomhaistear iontu?
- Céard é an smaoineamh atá taobh thiar dá ndearadh?
- Céard é an bunús lena n-úsáid?
- Céard iad na tosca is siocair le rathúlacht?
- Cén chaoi a ndéantar na tástálacha seo a mharcáil?
- Agus ar deireadh: cén chaoi a n-ullmhaítear agus a gcleachtar lena n-aghaidh?

## Forbhreathnú ar na Trí Chineál Tástála

Déanfar cur síos mionsonraithe ar gach cineál tástála sna caibidlí ábhartha atá amach romhainn, ach tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar dtús ar an gcuma atá ar na tástálacha seo i dtéarmaí ginearálta.

### *Leagan Amach*

Tá leagan amach ilrogha ar na trí chineál tástála, mar atá, réasúnaíocht bhriathartha, réasúnaíocht uimhriúil agus réasúnaíocht theibí. Bunaithe ar chleachtas EPSO, tá ceithre nó cúig fhreagair-rogha ag gabháil le gach ceann de na trí thástáil "réasúnaíochta" le haghaidh gach ceiste nó gach sliocht téacs. Sa dá chás araon, ní bhíonn ach an t-aon fhreagra ceart amháin ann i gcónaí agus ní ghearrtar aon phionós as freagraí míchearta.

### *Réasúnaíocht Bhriathartha*

Dearadh tástálacha réasúnaíochta le tomhas a dhéanamh ar chumas iarrthóra téacsanna casta ar ábhair éagsúla a thuiscint. D'fhéadfadh sé go mbeadh na tástálacha seo éagsúil le téacs ina bhfuil cur síos ar bheartas AE, agus áirítear leis sin nuacht reatha, cultúr, stair, nó fiú eolaíochtaí nádúrtha – is é sin le rá, féadfaidh ábhar ar bith a bheith i gceist.

De ghnáth, bíonn an téacs tuairim is 150 focal ar fhad agus is gnách go n-iarrtar ort a dhéanamh amach cé acu de na ceithre fhreagair-rogha atá ceart, bunaithe ar an bhfaisnéis sa téacs.

Ansin tomhaisfear sna freagair-roghanna ar chuir tú na bearta seo a leanas i gcrích nó nár chuir:

- gur thuig tú na príomhchoincheapa
- go bhfuil an stór focal riachtanach agat le réimse leathan ábhar a thuiscint (creid é nó ná creid, d'fhéadfadh sé gur deacracht an méid sin i do theanga dhúchais freisin)
- go bhfuil tú in ann argóintí a bhaint as an téacs
- go bhfuil tú in ann príomhtháscairí (mar shampla croineolaíocht, cúisíocht, cainníochtaí) sa téacs a léirmhíniú go cruinn

Le tuilleadh faisnéise agus tástálacha cleachtais a fháil, téigh chuig caibidil 4 agus caibidil 5.

## *Réasúnaíocht Uimhriúil*

Dearadh tástálacha réasúnaíochta uimhriúla le tomhas a dhéanamh ar chumas iarrthóra sonraí agus uimhreacha a léirmhíniú, agus leagtar béim ar leith ar an ngaol idir tacair éagsúla sonraí agus ar ríomhanna scafánta a dhéanamh atá bunaithe ar léargas iomasach. Ó thaobh praiticiúlachta de, ciallaíonn an méid sin nach ar mhatamaitic chasta atá an fócas ach ar an gcaoi ar féidir le duine teacht ar an bhfreagra ceart ar an mbealach is éifeachtaí.

Na sonraí ar a mbíonn ceist na tástála bunaithe, is gnách gur tábla lena ngabhann roinnt sraitheanna agus colún a bhíonn ann. Is gnách go mbíonn grúpaí éagsúla (tíortha, aoisghrúpaí, réigiúin, tionscail agus mar sin de) sna sraitheanna, agus is minic a bhíonn méadraigh éagsúla sna colúin (OTI, meánioncam, an méid a iompraíodh, céatadáin agus mar sin de). Sin, nó b'fhéidir go gcuirfí na sonraí i láthair i bhfoirm cairte nó roinnt cairteacha (píchairt, barrachairt, etc.) freisin, nó i dteaglaim éigin de na míreanna thuasluaite.

De ghnáth, éilítear i gceist na tástála figiúr ("200", "0.3", "45%", "1/5", etc.) nó ceann de na grúpaí sa tacar sonraí ("an Fhrainc", "Daoine atá idir 15-64 bliain d'aois", "an Eoraip", "Talmhaíocht", etc.) mar fhreagra ar an gceist féin.

Trí theacht ar an bhfreagra ar bhonn tráthúil, is féidir leat do chumas a léiriú ó thaobh:

- sonraí ábhartha a aithint
- an gaol idir méadraigh éagsúla a thuiscint
- an leibhéal cruinnis is gá leis an gceist a fhreagairt a dhéanamh amach
- ríomhanna meabhracha tapa a dhéanamh, agus
- meastacháin atá tapa ach réasúnta cruinn a dhéanamh

Le tuilleadh faisnéise agus tástálacha cleachtais a fháil, téigh chuig caibidlí 6, 7 agus 8.

## *Réasúnaíocht Theibí*

Bíonn cruthanna geoiméadracha i gceist le tástálacha réasúnaíochta teibí i gcónaí. Cé go bhfuil cineálacha tástála ann ina bhfuil na cruthanna tríthoiseach, tá cinneadh déanta ag EPSO go dtí seo gan tástálacha dá leithéid a úsáid agus dá bhrí sin ní thabharfar d'iarrthóirí ach ceisteanna a bhfuil cruthanna déthoiseacha iontu.

Féadfaidh na fíoracha sna ceisteanna a bheith ina bhfíoracha geoiméadracha, amhail ciorcail, dronuilleoga, triantáin, línte, agus teaglaim díobh seo, ach is féidir leo a bheith ina léiriú simplithe ar rudaí fíor-shaoil, mar shampla coirp, aghaidheanna, feithiclí, ainmhithe, agus mar sin de. Gné thábhachtach eile is ea go seachnaítear aon chlaontacht inscne, claontacht náisiúntachta nó claontacht eile maidir le cumas iarrthóirí iad a réiteach; cinntíonn EPSO (nó, le bheith níos cruinne faoi, an gnólacht a chruthaigh na tástálacha) freisin nach bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu siúd a bhfuil dúshláin le hamharc na súl acu ach an oiread.

Dearadh na tástálacha i riocht agus go bhfuil gaol líneach i measc na míreanna sa tacar léaráidí a áirítear sa cheist.

Tá na fíoracha sa mhír thástála leagtha amach ina sraith a théann ó chlé go deas agus táthar ag súil leis go roghnóidh an té atá ag tabhairt faoin tástáil cé acu de na cúig fhreagair-rogha atá le teacht chun cinn sa tsraith.

Le tástálacha réasúnaíochta teibí, déantar do chumas a thomhas ó thaobh:

- coincheapa teibí nach bhfuil brí iarbhír leo a léirmhíniú
- tátail a bhaint amach i gcásanna nua neamhchoitianta
- gaolta idir coincheapa a bhfuil cosúlacht neamhghaolmhar orthu a dhéanamh amach, agus
- úsáid a bhaint as do "éirim sholúbtha", mar a thugtar uirthi, agus í a chur bhfeidhm ar aon fhadhb intleachtúil.

Le tuilleadh faisnéise agus tástálacha cleachtais a fháil, téigh chuig caibidlí 9, 10 agus 11.

## An Fáth a nÚsáidtear na Tástálacha seo

Nuair a bhreathnaíonn duine ar cheisteanna tástála réasúnaíochta briathartha nó uimhriúla ar dtús, agus go háirithe i gcás réasúnaíocht theibí, is é an smaoineamh a thagann chun cuimhne go minic "***Cén bhaint atá aige seo le m'fheidhmíocht ionchasach mar Riarthóir sa Choimisiún Eorpach?***" Ceist chothrom í agus ceist a bhfuil freagra maith dlite di.

De réir cur chuige amháin, is táscairí cineálacha ar an éirim iad na tástálacha seo. Tá a gcuid torthaí caighdeánaithe agus is réamhtháscairí maithe iad ar fheidhmíocht in aon chás oibre mar a dteastaíonn faisnéis, cruthaitheacht agus smaointeoireacht neamhspleách. Cé go bhfuil an méid sin fíor go cinnte, is furasta freisin cásanna oibre i bhfad níos nithiúla a aithint inar féidir tairbhe mhaith a bhaint as na "scileanna" atá á dtomhas leis na tástálacha seo.

Mar a luadh thuas, le tástálacha **réasúnaíochta briathartha** tomhaistear cumas ginearálta téacsanna a léirmhíniú, beag beann ar an ábhar. Is furasta a shamhlú an réimse leathan ábhar, formáidí agus stíleanna a mbeifear ag dréim leis go léifidh Riarthóir sa Choimisiún Eorpach nó i gCoiste na Réigiún fúthu agus go mbainfidh siad ciall astu le linn a ngairme. Lá amháin, d'fhéadfadh sé go mbeifeá ag léamh faoi roinnt nósanna imeachta inmheánacha nua atá le leanúint, an lá dár gcionn d'fhéadfadh sé go n-iarrfadh an té atá os do chionn ort dul ag scimeáil trí thuarascáil ar na héifeachtaí a bhaineann le méadú ar an bpraghas leasachán ar chaighdeán maireachtála fheirmeoirí na Laitvia. Beag beann ar an ábhar, tá rud amháin cinnte: beidh ort a bheith in ann ciall a bhaint as an téacs go tráthúil, na tátail chearta a bhaint amach, míthuiscintí coitianta a sheachaint agus achoimre a dhéanamh ar do thorthaí sa deireadh. An aithníonn tú am méid sin? Tá súil againn go n-aithníonn arae is é seo go díreach a bheidh á lorg uait sa tástáil réasúnaíochta briathartha freisin.

Agus is é an dála céanna é maidir le tástálacha **réasúnaíochta uimhriúla**. B'fhéidir go dtabharfaí tuarascáil staitistiúil duit lá amháin ag an obair. D'fhéadfadh sé go mbeadh líon mór millteach táblaí agus cairteacha inti, agus cé go bhfuil tú ag lorg figiúr amháin nó píosa sonraí amháin, níl sé ann. D'fhéadfadh sé go mbeadh raidhse sonraí eile (nach mbaineann le hábhar) inti, ach níl fáil ar an ngiota atá á lorg agat cé go bhfuiltear ag súil go bhfaighidh tú freagra bunaithe ar an tuarascáil sin, agus ní dhéanfaidh aon ní eile an beart. Is é a bheidh le déanamh agat na sonraí go léir a shórtáil, neamhaird a dhéanamh de gach rud nach bhfuil uait agus teacht ar bhealach leis an bhfaisnéis úsáideach a "bhaint" astu. Is é seo go díreach a dhéanfaidh tú agus na tástálacha réasúnaíochta uimhriúla á ndéanamh agat.

Maidir le **réasúnaíocht theibí** de, ní bheidh feidhm leis an gcomhchosúlacht thuas ar ndóigh. Fiú amháin in institiúid ar a bhfuil freagrachtaí chomh forleathan leis an Aontas Eorpach, ní bheidh ort aghaidh a thabhairt ar chás ina gcaithfidh tú cruth ag a bhfuil ceithre chiorcal agus dronuilleog amháin (seachas dhá dhronuilleog) a roghnú d'fhonn teacht tríd an lá! Tá seans maith ann, áfach, go ngabhfaidh tú isteach chuig d'oifig maidin Luain éigin agus go mbeidh ort aghaidh a thabhairt ar chás nó go dtabharfar tasc duit a bheidh aduain amach is amach; d'fhéadfadh sé a bheith faoi ábhar nár chuala tú trácht riamh air. Is cásanna mar seo na cinn ina mbíonn tairbhe le baint as an "éirim sholúbtha" thuasluaite, an cumas an rud "neamhchoitianta" a bhainistiú agus an loighic, patrúin agus an chiall choiteann a chur i bhfeidhm agus is é sin go baileach a bhíonn á thomhas sna tástálacha réasúnaíochta teibí, mar atá cruthaithe i dturgnaimh shíceolaíocha éagsúla.

## Na Tosca is Siocair le Rathúlacht

Díreach mar atá amhlaidh in aon tástáil eile, tá roinnt tosca ann is siocair le rathúlacht agus dea-fheidhmíocht i scrúdú réamhroghnaithe EPSO. Déanfaimid plé gairid anois ar na ceithre cinn is tábhachtaí:

- Spreagadh
- Cúlra oideachais
- Nósanna agus caitheamh aimsire
- Ullmhú agus cleachtadh (an rud is tábhachtaí)

### *Spreagadh*

Is cinnte gur ócáid é scrúdú réamhroghnaithe EPSO a gcaithfidh duine ullmhú di agus méid suntasach ama a chur ar leataobh chun na críche seo: bí ag súil go mbeidh go leor struis ort agus tú ag ullmhú agus sa scrúdú féin. I mbeagán focal, tógann sé am agus iarracht, agus is furasta dul ar seachrán nó lagmhisneach a bheith ort feadh an bhealaigh. Sin é an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin spreagadh soiléir láidir a bheith agat.

Cuid riachtanach den fhéinspreagadh is ea fios a bheith agat cén fáth a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh tú tasc faoi leith agus cén chaoi ar féidir leat tairbhe a bhaint as an dua nach mór a chaitheamh leis. Fiú mura bhfuil i bhfeidhmiú go maith sna tástálacha seo ach bealach le sprioc a bhaint amach, tá sé i bhfad níos fusa fós an iarracht riachtanach a dhéanamh má tá tuiscint shoiléir agat ar an gcúis a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh tú iad agus má thuigeann tú na buntáistí oibiachtúla atá ag roinnt leo, mar shampla post AE a fháil nó feidhmiú i bhfad níos fearr i dtascanna poist a dteastaíonn scileanna síciméadracha uathu.

An chuid thuas maidir leis an gcaoi ar féidir na cineálacha tástála seo a cheangal le cásanna oibre iarbhír, is féidir cuimhneamh uirthi siúd mar chuid amháin den spreagadh a theastaíonn le go n-éireoidh leat – tuiscint ar an bhfáth a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh tú na tástálacha seo sa scrúdú seachas rud éigin eile a dhéanamh.

Baineann spreagadh freisin le spriocanna soiléire inbhainte amach a leagan síos. Tá acrainm ann ina dtugtar achoimre mhaith ar an dúshlán seo: SIIÁF.

Is éard is straitéis SIIÁF ann straitéis lena n-áirítear spriocanna atá:

**S**onrach – “Déanfaidh mé cleachtadh X uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh X lá in aghaidh na seachtaine d’fhonn an post a theastaigh uaim riamh a fháil. Gach seachtain déanfaidh mé X tástáil agus déanfaidh mé athbhreithniú ar X iartástáil. Tosóidh mé freisin ar léamh faoi ghnóthaí an Aontais Eorpaigh le heolas a chur ar na hinstitiúidí.”

**I**ntomhaiste – “Feabhsóidh mé an méid seo nó an méid siúd gach seachtain, agus beidh mé in ann X faoin gcéad a fháil sna tástálacha seo faoi am an scrúdaithe. Déanfaidh mé tástáil tagarmhairc ar féidir liom mo dhul chun cinn a thomhas lena thaobh.”

**I**ndéanta – “Ní raibh mé an-mhaith chuig uimhreacha riamh mar sin ní fhéachfaidh le marc 100% a fháil sa réasúnaíocht uimhriúil ach déanfaidh mé cinnte de an marc is airde agus is féidir liom a fháil os cionn na tairsí 50% agus an méid eile a chúiteamh sna cineálacha tástála eile.”

**Á**bhartha – “Déanfaidh mé a bhfuil thuas mar gur post in Ard-Stiúrthóireacht Forbartha an Choimisiúin Eorpaigh an sprioc atá romham. Ba mhaith liom an post seo a fháil freisin ionas go mbeidh na hacmhainní airgid agam le mo mhian croí fhadbhunaithe a fhíorú, mar atá, cuairt a thabhairt ar chara liom atá san Astráil. Fiú má airím go bhfuil na tástálacha seo dúshlánach nó leadránach ar uairibh, tuigim go bhfuil gá leo le haghaidh an scrúdaithe agus ar aon chaoi is féidir liom mo chuid scileanna a fheabhsú freisin.”

**F**aoi cheangal ama – “Cuirfidh mé an méid seo ama i leataobh don chéad X mhí eile leis an sprioc seo nó an sprioc siúd a bhaint amach. Beidh amchlár soiléir agam don dá mhí amach romhainn ina sonróidh mé na laethanta agus na huaireanta atá beartaithe agam a chaitheamh le cleachtadh. Beidh mé in ann cloí le mo sceideal mar go bhfuil mé ag druidim le ceann scríbe.”

### *Cúlra Oideachais*

Toisc thábhachtach eile a bhaineann leis an rathúlacht is ea cúlra oideachais. Chomh maith leis an bhfíric fhollasach gur féidir go ndéanfaidh caighdeán an oideachais a fhaightear difríocht mhór, tá réimsí éagsúla staidéir ann a sholáthraíonn cúlra níos

ábhartha ná cúlraí eile maidir le feidhmiú go maith sna tástálacha seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh an mhatamaitic nó disciplíní eile ina mbaintear úsáid as loighic agus as déaduchtú ina gcuidiú agat le ceisteanna na tástála a réiteach go héifeachtach agus tú faoi bhrú ama.

Ar ndóigh, is rud é do chúlra oideachais nach féidir leat a athrú an tráth a mbeartaíonn tú ar pháirt a ghlacadh i gcomórtas Riarthóra de chuid EPSO. Má tá cúlra níos ábhartha agat, is amhlaidh is fearr é – más amhlaidh nach bhfuil, áfach, is cinnte nach bhfuil aon chúis éadóchais ann ach an oiread: tá go leor tosca tábhachtacha ann a bhaineann le rathúlacht, agus is féidir gach ceann díobh a fheabhsú go suntasach (féach leideanna ábhartha thíos agus i ngach caibidil ghaolmhar).

### *Nósanna agus Caitheamh Aimsire*

Sula ndírítear aird ar na tosca "inrialaithe" a luaitear thuas, ní mór dúinn a lua freisin go bhfuil caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí áirithe ann a d'fhéadfadh a bheith ina mbuntáiste sealadach, más duine thú a dtaitníonn siad leis/léi. Maidir le réasúnaíocht bhriathartha, uimhriúil agus theibí, d'fhéadfadh sé go mbeadh buntáiste éigin ag daoine a rinne puzail chrosfhocail, Sudoku agus cluichí intinne eile.

### *Ullmhú agus Cleachtadh*

Mar sin féin, is í an toisc is tábhachtaí an ceann is ábhar don leabhar seo: ***cáilíocht agus cainníocht an ullmhúcháin agus an chleachtaidh a dhéanann tú sa tréimhse roimh an scrúdú***.

Sna caibidlí amach romhainn, cuirfimid i láthair ar bhonn mionsonraithe na hábhair seo a leanas:

- na trí chineál tástála agus an chaoi a ndeartar iad
- na gnáthfhadhbanna agus na dúshláin a bhaineann leo
- na modhanna agus na scileanna a bhféadfadh feabhas mór teacht ar d'fheidhmíocht dá mbarr
- na bealaí is fearr le dul i ngleic leis na ceisteanna tástála agus iad a léirmhíniú, agus
- an bealach is fearr le hullmhú agus cleachtadh a dhéanamh do na tástálacha seo

Agus tuiscint shoiléir acu ar na modhanna is féidir a úsáid leis na tástálacha seo a dhéanamh go héifeachtúil agus an méid ceart cleachtaidh dhírithe, arna thiomáint ag an spreagadh ceart, déanta acu, is féidir leis na hiarrthóirí sin a airíonn nach bhfuil siad go maith chuig a leithéid de thástálacha feabhas mór a dhéanamh agus pas a fháil sa chéim seo den scrúdú.

## An Chaoi a nDéantar na Tástálacha a Mharcáil

Agus tú ag ullmhú don scrúdú, b'fhéidir go smaoineofá go minic ar cén caighdeán feidhmíochta lena bhfuiltear ag súil leis d'fhonn go n-éireoidh leat. Leis an gceist seo a fhreagairt, tugaimis achoimre ar an gcóras marcála do na tástálacha seo. Leis an marc a gheobhaidh iarrthóirí, ní mór dhá choinníoll a chomhlíonadh:

**Pas –** is tagarmharc simplí "oibiachtúil" é seo, 50% de ghnáth (ach i roinnt próifílí, déantar é seo a ísliú go 40% do chineálacha áirithe tástála) nach mór a bhaint amach i ngach tástáil ar leithligh, le go ndéanfaí thú a mheas don ghearrliosta. Tarlaíonn sé go minic, áfach, go socróidh EPSO pasmharc do dhá thástáil nó tuilleadh le haghaidh scrúduithe Riarthóra (e.g. déanfaidh siad do mharcanna tástála sa réasúnaíocht uimhriúil agus sa réasúnaíocht theibí a mheas mar aon mharc amháin agus socróidh siad ar phasmharc 50% do mharc comhiomlán an dá thástáil seo) – is cás níos fusa é seo mar gur féidir leat feidhmíocht níos laige i dtástáil amháin a chúiteamh trí bharr a bhreith sa cheann/sna cinn eile.

**An X is Fearr –** is tagarmharc "coibhneasta" é seo, rud a chiallaíonn go gcaithfidh tú marc níos airde ná an pasmharc oibiachtúil a ghnóthú, agus anuas air sin go gcaithfidh tú a bheith i measc líon áirithe de na hiarrthóirí is fearr feidhmíocht sna tástálacha go léir arna nglacadh le chéile. D'fhéadfadh sé go gcuirfí cuid de na torthaí tástála as an áireamh sa tagarmharc coibhneasta seo, rud a chiallaíonn, mar shampla, nach gcuirtear réasúnaíocht uimhriúil san áireamh i do mharc iomlán ar uairibh: níl le déanamh agat ach an pasmharc a bhaint amach.

**Leagan Measctha –** Féadfaidh EPSO an cur chuige "pasmharc" a úsáid freisin le líon níos mó iarrthóirí ionchasacha a chruthú agus ansin líon áirithe a bhfuil a gcáilíochtaí nó a dtaithí ghairmiúil (i gcás scrúduithe Riarthóra "speisialaithe") ag teacht le critéir éagsúla, réamhshocraithe, "a scagadh isteach" cé go bhféadfar an "X is fearr" a chur san áireamh sa chinneadh freisin.


## An Cleachtas Iarbhír

- Cé gur féidir leat a bheith ag súil go gcúiteoidh tú do laige i gcineál tástála amháin trí fheidhmiú níos fearr i gceann eile agus ar an gcaoi sin marc foriomlán atá réasúnta ard a bhaint amach, tá an rogha sin teoranta mar gheall ar an riachtanas go gcaithfear an pasmharc a bhaint amach i ngach tástáil ar leithligh (seachas sna cásanna a gcuirtear síos orthu thuas nuair a bhíonn pasmharc comhcheangailte ag gabháil le dhá chineál tástála, in éineacht)
- An marc is marc "maith" ann i gcomhthéacs grúpa amháin iarrthóirí (e.g. iad siúd a shuíonn scrúduithe i gcomhair fhophróifíl na n-acmhainní daonna), b'fhéidir gur marc easnamhach a bheadh ann i ngrúpa eile (e.g. iad siúd a roghnaigh fophróifíl na bainistíochta airgeadais) – mar sin níl samplaí de "mharcanna rathúla" ón am a chuaigh thart ábhartha i ndáiríre.

Taispeántar san fhigiúr thíos an rud a dtugtar "clogchuar" air. Cé nach bhfuil ann ach léaráid agus cé nach bhfuil sé bunaithe ar staitisticí, taispeántar go cruinn ann gnáthdháileadh na marcanna a fhaigheann iarrthóirí i dtástálacha dá leithéid. Mar a fheicimid, is beag iarrthóir ag a bhfuil marcanna an-íseal agus marcanna an-ard. Gheobhaidh formhór na n-iarrthóirí marcanna i raon an-chúng, mar shampla idir 60% agus 70%, nó idir 70% agus 80%.

Má roghnaítear iarrthóirí "rathúla" i bhfianaise an X rannpháirtí is fearr sa scrúdú, is cinnte go gcaithfidh tú marc níos airde ná daoine eile a fháil. ***Ag breathnú ar an gclogchuar, is furasta a fheiceáil nach gciallaíonn cúpla pointe céatadáin d'fheabhsúchán ach gur sháraigh tú líon mór iarrthóirí breise!***

Cén fáth a bhfuil an méid sin tábhachtach? Is é an bealach a gcaithfimid dul in ngleic leis an bhfaisnéis seo ach a thuiscint nach gá go mbeadh na spriocanna a chuireann tú romhat nuair a thosaíonn tú ag ullmhú agus ag cleachtadh do na tástálacha seo neamhréadúil nó dodhéanta.




Chomh maith leis sin, is féidir leat a bheith ar do shuaimhneas go ndéanfaidh gach feabhas beag difríocht mhór sa scrúdú agus go méadófar go hollmhór an seans go ndéanfaidh tú an beart – a bhuíochas sin leis an gclogchuar.

Sna caibidlí amach romhainn, feicfimid céard iad na modhanna agus na scileanna is fearr atá ann le bheith rathúil, in éineacht le líon mór tástálacha cleachtaidh cáilíochta.

Tar éis an tsaoil, is é an bealach is fearr le rudaí a fhoghlaim iad a dhéanamh go minic.